

Cruth

	Céim 1 (Naíonán, Beag agus	Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó)	Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair)	Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé)
<i>Trí eispéiris chuí foghlama spráúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</i>				
Torthaí Foghlama	airíonna chruthanna 2-T agus 3-T a fhiosrú agus a aithint.	scrúdú a dhéanamh ar chruthanna 3-T agus 2-T, iad a rangú agus a shamhaltú.	Iníúchadh agus anailísú a dhéanamh ar airíonna na gcruthanna 3-T agus 2-T agus ranganna cruthanna a shainaithint bunaithe ar na hairíonna seo. cruthanna a léiriú trí líniochtaí agus samhlacha, agus toisí na gcruthanna a ríomh.	samlacha nó struchtúir 2-T agus 3-T a dhéanamh, nuair a thugtar tomhais shainmhínte agus/nó coinníollacha faoi leith. uillinneacha a fhiosrú agus a thógáil i gcomhthéacs na gcruthanna; agus fadhbanna a réiteach a mbaineann uillinneacha leo.
Coincheapa matamaiticiúla	Is féidir cruthanna 3-T agus 2-T a rangú agus a shórtáil de réir a gcosúlachta agus de réir airíonna simplí.	Is féidir cruthanna 3-T agus 2-T a dhealú, a aimsiú nó a rangú nó de réir a n-airíonna.	Is féidir cruthanna agus finte cruthanna a shórtáil agus a rangú i dtaca le hil-airíonna agus rialacha. I gcás cruthanna 2-T, cuimsítear leis na hairíonna seo: siméadracht, taobhanna comhthreomhara nó ingearacha agus nádúr na n uillinneacha. I gcás cruthanna 3-T, d'fhéadfadh go gcuimseofaí leis na hairíonna: líon na n aghaidheanna, na bhfaobhar agus na reann.	Is beag liosta sainiúil atá ag cruthanna, a shainaithníonn a n airíonna. Is féidir iad seo a úsáid chun ceangail a fháil amach agus a dhéanamh idir ranganna de chruthanna. Is féidir cruthanna 3-T agus 2-T a thomhas agus a thástáil do na comhairíonna agus rialacha.
	Tá cruthanna 2-T cothrom. Tá dhá dhiminsean acu, fad agus leithead.	Is féidir airíonna geoiméadracha a chatagóiriú de réir siméadrachta, uimhir agus cineál na dtaobhanna nó na n aghaidheanna.	Is cruth 2-T le taobhanna díreacha atá i gceist le polagán. Tugann an t-ainm le fios cé mhéad taobh atá ag an gcruth. Maidir le polagán rialta, bíonn gach taobh cothrom lena chéile agus bíonn na huillinneacha uile cothrom lena chéile. Tagann ainmneacha priosmaí agus pirimidí óna boinn pholagáin atá acu.	Déantar suim na n-uillinneacha atá taobh istigh de chruth 2-T as líon na dtaobhanna atá aige.
	Tá trí dhiminsean ag cruthanna 3-T, nó ag solaid, fad, leithead, doimhneacht.	Déanann finte cruthanna cur síos ar chatagóirí na gcruthanna ag a bhfuil airíonna comhchoiteanna. In amanna bíonn cuma réasúnta difriúil ar chruthanna atá mar chuid den fhine chéanna, nó bíonn réimse cruthanna laistigh díobh.	Is féidir imscrúdú a dhéanamh ar airíonna, ar rialacha agus ar thomhais crutha trí thógáil, trí dhíthógáil, agus trí dhioscadh.	Is féidir tomhais a dhéanamh amach nuair a fhaightear roinnt eolais faoi línte agus faoi uillinneacha.
	Is féidir cruthanna a chur le chéile chun cruthanna agus/nó struchtúir eile a chruthú.	Déanann cúinne de chruth 2-T uillinn.	Is léiriú é líonra de chruth 3-T a d'fhéadfadh a fhilleadh nó a chur le chéile chun an cruth 3-T a athchruthú.	Caithfear rialacha áirithe a leanúint chun eangacha, samhlacha nó struchtúir a thógáil ag bainté úsáid as cruthanna geoiméadracha.